Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Report to Arts, Culture, Leisure and Recreation SPC
21st February 2022
Item No. 14

Miontuairiscí - 3ú Nollaig 2021

Miontuairiscí den chruinniú – Dé hAoine, 3ú Nollaig 2021, 2.30pm ar Zoom

I Láthair: An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha (Cathaoirleach), Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), An Comhairleoir Nial Ring, Orla McMorrow, Donncha Ó Cathasaigh,

Leithscéalta: Ray Yeates, An Comhairleoir Deirdre Heney, An Comhairleoir Naoise Ó Muirí

Ag glacadh na miontuariscí : Catherine Neville

Clár Oibre

1. MIONTUARAISCÍ
2. NITHE A BHAINEANN LEIS NA MIONTUARAISCÍ
3. BAC LE GAEILGE (JULIAN)
4. LÁ MÓR NA GAEILGE
5. SUIRBHÉ (ORLA)
6. AON GNÓ EILE

1 & 2. Bhí na Miontuariscí agus an clár glacaithe.

3. Tuairisc ar BAC le Gaeilge - Thug Julian de Spáinn tuairsc ar BAC le Gaeilge. Ó thaobh na fostaithe nua a bheith ag obair ar BAC le Gaeilge, beidh agallaimh ar siúl ar an 6ú Nollaig le dáta tosaigh oibre do na h' iarrthóirí rathúil ag tús na bliana seo chugainn (2022). Bhí neart iarrthóirí, le níos mó iarratais do ról Stiúrthóra. Dheimhnigh Orla McMorrow go mbeadh duine amháin (Donncha Ó Cathasaigh) ón gComhairle agus beirt ó Chonradh na Gaeilge (duine amháin ón gConradh agus duine amháin ón gCoiste Ceannais ar an mBórd Agallaimh. Mhol an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt don Fhochoiste seo, ionchur a thabhairt don Seoladh agus chun fógraíocht a dhéanamh ar BAC le Gaeilge.

4. Lá Mór na Gaeilge - Bhí Ray Yeates ar laethanta saoire. Beidh níos mó eolais ar fáil ag an gcéad cruinniú eile

5. Suirbhé - Thug Orla McMorrow tuairisc ar an Suirbhé. Bhuail Orla, Donncha Ó Cathasaigh, Helen O'Leary (Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha) agus Mary Mac Sweeney (Oifig Fiontar Áitiúil) le chéile chun labhairt níos mó faoi conas is féidir leas a bhaint as 'Your City Your Voice' agus na deacrachtaí ag bhaineanna leis. Táthar ag súil an suirbhé bheith reidh le seoladh san athbhlian. Aontaíodh gan an Suirbhé agus BAC le Gaeilge a sheoladh ag an am chéanna agus go mbeadh dréacht den suirbhé an-úsáideach do fostaithe nua BÁC le Gaeilge, mar beidh orthu roinnt taighde a dhéanamh ar dtús.

6. Aon Ghnó eile - Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine ar an gcoiste as a gcuid oibre le bliain anuas agus go mba chóir go mbeadh na hiarrachtaí seo a chur in iúl don phobal san athbhlian. Bhí plé ginearálta faoi thábhacht tuairisciú an fhochoiste don SPC agus go

mba chóir do tuairisc a thabhairt don LGMA nó don chruinniú míosúil den Chomhairle. Mhol an Cathaorileach go n-ardódh sé an cheist seo le Ray Yeates ar conas is féidir é a chur ar chlár an Chomhairle Míosúil. Bhí plé faoin céim reatha den Phlean Forbartha maidir le Ceathrú Ghaeilge i gceantar Shráid Fhearchair agus logainmeacha i nGaeilge a chur ar fhorbairtí nua sa chathair. Deimhníodh go bhfuil sé ag céim an chomhairliúcháin phoiblí le spriocdháta de 14ú Feabhra 2022.